Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**11828/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0380(COD)**

**CODEC 1214**
**COH 48**
**UK 205**
**PREP-BXT 13**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 25 Nollaig 2020, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagail 322(1) agus 175(3) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 24 Feabhra 2021[2].

3. Thug an Chúirt Iniúchóirí a tuairim uaithi an 25 Feabhra 2021[3].

4. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 19 Márta 2021[4].

5. An 15 Meán Fómhair 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[5].

---

[1] 14360/20
[2] IO C 155, 30.4.2021, lch. 52-57
[3] IO C 101, 23.3.2021, lch. 1-7
[4] IO C 175, 7.5.2021, lch. 69-88
[5] 11716/21

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 59/21 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

7. In Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo, leagtar amach an ráiteas ón gCoimisiún le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.